

SÉAMUS Ó CONCUBHAIR FILE.

File cumasach de bhunadh na Gaillimhe a bhí i Seamus Ó Conchubhair, a bhí i nÁrainn. Fear deagh-oilte a bhí ann. Bochtuígheadh é ar an droch-shaoghal, mar bochtuígheadh go leor leis. Creidim gur galra a bhí ar na file go mbíodh sop leis an gcáthadh go hiondamhail acab. Bhí na Jumpers a tógáil buntáiste ar bhochtánacht an t-saoghail. Bhíodar a cur teachtairí thart, agus tháinig fear acab a'chur faoi i nÁrainn. Is dócha nach raibh ag eirghe leob ann chomh maith, is a bhí súil acab leis. Ní raibh muinntir Árann a tabhairt mórán áird orthab.

Cheapadar dá mbeadh amhrán Gaedhilge déanta acab ón gConchubharach a' moladh an chreidimh nua, agus a déanamh chuile shórt díbliú ar an gcreideamh Caitliceach go dtiubharfaidhe níos mú airde orthab agus go mbeadh níos mó toradh ar a gcuid oibre. Chuireadar cuireadh ar an gConchabharach. Bhí sé an-churtha anuas ins an saoghal, agus chuaigh sé go dtí iad. Thairigeadar culaidh nua éadaigh dhó agus teach agus cneagaire talmhana agus rud ar bith eile a bhí d'easpaigh air faoi láthair, ach an t-amhrán sin a dhéanamh. Chuaigh an Conchabharach abhaile go dubhrónach agus rinne sé an t-amhrán.

Ag dul ar ais dó ag na Jumpers, agus é déanta aige, casadh comharsa leis dhó. Bheannuigheadar dá chéile. "A Shéamuis chroidhe", arsa an comharsa, "cén sort caoi atá tagtha ort?. An lá deireannach a bhfaca mé thú ní raibh ribe liath i do cheann agus indiú atá di leath iompughthe liath agus do leath eile agus a dhath nádúrtha air".

"Ó d'fhéadfadh sin a bheith amhlaidh", arsa Séamus.

D'iompugh sé ar a chois agus chuaigh abhaile agus níor chuala aon-duine ariamh as a bhéal aon fhocal den amhrán, a bhí deanta aige a moladh an chreidimh Phrodastúnaigh.

Ach ar a shon sin rinne sé amhrán a caitheamh uirthe agus a moladh an an chreidimh a rugadh ann is a tóigeadh ann é.

Dá bhfaighinn-se culadh éadaigh a mbeadh ór buidhe sile léithe
Ar chunntus dán a dhéanamh, ar thaobh creidimh Gall
Ní bhfuighfinn-se o mo chlaonta sliocht Liútair a mholadh ar aon chor,
A d'ionntuigh ar an láimh chlé agus a shéan Rí na nGrást.

Nárbh olc a casaigh dhomsa m'anam bheith dá sgiursáil
Ar creagaire den diuthaigh ar cunntar mé dá fhágháil
Mo chreideamh féin a phlúchadh, mar déanfaidh madadh dúthchais
Agus mé féin a bheadh go cuthail in aimsir cunntar a thabhairt ann.

So-oibrighthe pliable

Tá a bhiseach tugtha - His growth is done.